


# ÁITEANNA IONTACHA AISTEACHA







## Bileoga Gníomhaíochtaí



An Gúm

Tá na gníomhaíochtaí sa leabhar seo bunaithe ar an leabhar *Áiteanna Iontacha Aisteacha.*

Dalcò Edizioni a d'fhoilsigh a chéaduair sa bhliain 2018
faoin teideal *AMAZING PLACES*

**An buneagrán Iodáilise**

Téacs © Dalcò Edizioni 2018

Dalcò Edizioni Srl.
Via Mazzini, 6 - 43121 Parma - Italia
www.dalcoedizioni.it — rights@dalcoedizioni.it

Gach ceart ar cosaint

Bainisteoir Eagarthóireachta
Giulia Malerba

Comhordú Eagarthóireachta
Jessica Montanari

Téacs
Miralda Colombo

Léaráidí
Beatrice Cerocchi

Dearadh agus Leagan Amach
Cristiana Mistrali

**An t-eagrán Gaeilge seo**

© Foras na Gaeilge, 2023

Máire Ní Chualáin a rinne an leagan Gaeilge

ISBN 978-1-85791-988-2

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

PB Print a chlóbhuail in Éirinn

*Foilseacháin an Ghúim a cheannach*

Siopaí
*An Siopa Leabhar (01) 478 3814*
*An Siopa Gaeilge (074) 973 0500*
*An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811*

Ar líne
*www.litriocht.com*
*www.siopagaeilge.ie*
*www.siopaleabhar.com*
*www.siopa.ie*
*www.cic.ie*
*www.iesltd.ie*

**An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1**

# An Taj Mahal

1. Cén abhainn san India ar tógadh an Taj Mahal ar a bruach?



2. Cén fáth ar thóg Shah Jahan an Taj Mahal?

3. Arjumand an t-ainm a bhí ar bhean chéile Shah Jahan. Cén leasainm a bhí ar Arjumand agus cad ba bhrí leis?

4. Cén leabhar as ar tógadh na véarsaí a mhaisíonn an geata ar an mbealach isteach go dtí an Taj Mahal?



5. Athraíonn an chuma atá ar an Taj Mahal i gcaitheamh an lae de réir mar a athraíonn solas na gréine. Cén dath a bhíonn air faoi sholas na gealaí? Tarraing pictiúr de sa bhosca thíos.



An Gúm

# Pirimid Chúfú



1. Cén t-ainm a bhí ag na sean-Ghréigigh ar an bhfaró Cúfú?

________________________________________

2. Ainmnigh na farónna eile ar tógadh primidí in ómós dóibh in Giza.

________________________________________

3. Cén áit a bhfuil féasóg an Sfioncs anois?

________________________________________



4. Cén cineál caipín a bhí ar bharr na pirimide nuair a tógadh ar dtús í?

________________________________________

5. Cuireadh báirse gréine faoin ngaineamh ag bun na primide chun go mbeadh Cúfú in ann taisteal ar fud na bhflaitheas in éineacht le Dia na gréine. Cén t-ainm a bhí ar an Dia sin?

________________________________________

Iarr ar do mhúinteoir cabhrú leat eolas a fháil ar líne mar gheall ar na hiairiglifí.

Féach an féidir leat d'ainm a scríobh sa chartús seo ar dheis.

B'fhéidir gurbh fhearr leat iairiglifí de do chuid féin a dheardh!

# Balla Mór na Síne



1. Deireadh na Sínigh go raibh Balla Mór na Síne 10,000 lí ar fad. Cé mhéad méadar atá in aon lí amháin?

   ______________________________________

2. Cén aois a bhí ag Ying Zheng nuair a tháinig sé i réim ar stát Qin?

   ______________________________________

3. Nuair a bhí na saighdiúirí sna túir faire ag iarraidh rabhadh a thabhairt go raibh an namhaid ag teacht ina dtreo, cén t-ábhar a dhóidís chun na comharthaí deataigh a dhéanamh?

   ______________________________________



4. An chuid is iomláine den bhalla atá fós ina sheasamh, cé chomh fada is atá sé?

   ______________________________________

5. Tarraing pictiúr de thúr faire.

# Na Moai

1 Cé chomh fada ón tSile is atá oileán Rapa Nui?

2 Ainmnigh na bolcáin a bhrúcht nuair a cruthaíodh oileán Rapa Nui.



3 Mínigh cén fáth a mbeadh an baol ann go rachfá ar seachrán dá mbeadh compás in úsáid agat ar Rapa Nui.



4 Bhí córas scríbhneoireachta ar leith ag muintir Rapa Nui, cén t-ainm a bhí air?

5 Cén fáth ar bhaist Jacob Roggeveen Oileán na Cásca ar Rapa Nui?

# An Sagrada Família

1. Cathain a cuireadh tús leis an obair thógála ar an Sagrada Família?

_______________________________________________



2. Cén galar a bhí ar Antoni Gaudí nuair a bhí sé óg?

_______________________________________________

3. Cé chomh hard agus a bheidh spuaic lárnach an Sagrada Família nuair a chríochnófar é?

_______________________________________________

4. Cár cuireadh Gaudí nuair a cailleadh é?

_______________________________________________




5. Dhear Gaudí teach darb ainm Casa Milà in Barcelona, cén rud a chuirfeadh na simléirí ar an teach sin i gcuimhne duit?

_______________________________________________

6. Iarr ar do mhúinteoir grianghraif de na simléirí sin a aimsiú ar líne. Tarraing pictiúir díobh sa bhosca thíos.

# Chichén Itzá

1 Ainmnigh an leithinis i Meicsiceo ina bhfuil Chichén Itza?



2 Cén cineál ainmhí ba ea Kukulkan?

3 Cad a chloisfidh tú má bhuaileann tú do bhosa ag bun chéimeanna El Castillo?

4 Cé mhéad imreoir a bhí ar fhoireann pok-a-tok?



5 Ainmnigh dia eile a bhí ag na Máighigh.

6 D'óladh na Máighigh deoch the ar a dtugtaí xocolatl. Cén deoch the is fearr leat féin? Breac síos sa bhosca thíos conas a dhéanann tú í.

# An Colasaem

1 Cén teideal a bhí ar na trodairí a chuirtí ag troid sa Cholasaem?

______________________________________



2 Cén t-ainm a tugadh ar an gColasaem nuair a tógadh ar dtús é?

______________________________________

3 Conas a léiríodh an lucht féachana sa Cholasaem gur theastaigh uathu go gcuirfí gliaire chun báis i ndiaidh dó troid a chailliúint?

______________________________________

4 Cén t-impire a raibh dealbh ollmhór de in aice an Cholasaeim tráth dá raibh?

______________________________________



5 An bhfuil a fhios agat cé na hairm agus na huirlísí troda a d'úsáideadh na gliairí? Tarraing pictiúr de cheann nó dhó díobh sa bhosca thíos.



An Gúm

# Machu Picchu

1 Cad a thugtaí ar na saighdiúirí ón Spáinn a rinne ionradh ar Mheiriceá Theas?



2 Cad ab ainm don té a bhunaigh Cusco, príomhchathair na nInceach?

3 Bhí córas ar leith ag na hIncigh chun teachtaireachtaí a sheoladh, cén t-ainm a bhí air?



4 Cén fáth nár scríos na Spáinnigh an Intihuatana in Machu Picchu?

5 Cén fáth ar athraigh na hIncigh na modhanna tógála a bhí acu sular chríochnaigh siad Machu Picchu?

# Caisleán Neuschwanstein

1 Ba é Ludwig II, Rí na Baváire, a chuir Caisleán Neuschwanstein á thógáil. Cén tír ina bhfuil an Bhaváir?



2 Cén cumadóir ceoil ab ansa le Ludwig II?

3 Cén scannán de chuid Walt Disney ina n-eitlíonn carr draíochta thar Chaisleán Neuschwanstein?

4 Thaitin ceoldráma ina n-iompaíonn an laoch ina eala le Ludwig II. Ainmnigh an ceoldráma sin.



5 An féidir leat cuimhneamh ar scéal ar bith eile ina ndéantar ealaí de chuid de na carachtair ann?



An Gúm

# Petra

1 Cén t-ainm a bhí ar an treibh fánaithe a thóg cathair Petra?

_______________________________________________



2 Cad é an chéad fhoirgneamh a d'fheicfeá tar éis duit siúl tríd an Siq, an t-altán cúng a thugann chomh fada le cathair Petra thú?

_______________________________________________

3 Cén t-ainm a bhí ag na Nabataeigh ar Petra agus cén bhrí a bhí leis?

_______________________________________________

4 Cén tubaiste a bhain do Petra sa bhliain AD 363?

_______________________________________________



5 Cérbh é an taiscéalaí ón Eilvéis a tháinig ar an gcathair arís sa bhliain 1812?

_______________________________________________

6 Bíonn cuma álainn ar an ngaineamhchloch in Petra nuair a bhuaileann solas na gréine í. An féidir leat pictiúr de sin tharraingt?

# An Partanón

1. Cén dia ar tógadh an Partanón in ómós di?

2. Ainmnigh an ginearál a chuir an Partanón á thógáil.



3. Bhí dealbh ollmhór sa Phartanón tráth. Cé na hábhair a úsáideadh chun an dealbh sin a dhéanamh?



4. Cad iad na hainmneacha Gréigise ar an dá phríomhsheomra sa Phartanón?

5. Tá scéal suimiúil ann faoi bhreith Aitéiné. Tarraing pictiúr a léiríonn cuid den scéal sin.

# Críost an Slánaitheoir



1 Cén airde agus cén meáchan atá sa dealbh mhór, Críost an Slánaitheoir?

______________________________

2 Cén fáth a bhfuil plaic i gcuimhe ar Guglielmo Marconi in aice leis an dealbh? An bhfuil aon rud eile ar eolas agat faoi Marconi?

______________________________

______________________________

______________________________




3 Cén cineál cloiche a úsáideadh chun dromchla na deilbhe a mhaisiú?

______________________________

4 Cén bhrí atá leis an logainm Rio de Janeiro?

______________________________

5 Scríobhadh na hoibrithe teachtaireachtaí dá muintir ar chúl na dtíleanna triantánacha a chlúdaíonn dromchla na deilbhe. Dá mbeadh ortsa teachtaireacht a scríobh do do mhuintir ar cheann de na tíleanna cad a scríobhfá féin?




An Gúm

# Stonehenge



1. Fíor nó bréagach - bhí uirlisí sofaisticiúla miotail ag na daoine a thóg Stonehenge.

2. Cad a thugtar ar na clocha is mó ag Stonehenge?

3. Cad as ar tháinig na clocha gorma ag Stonehenge?



4. Fíor nó bréagach, tá na clocha is tábhachtaí ag Stonehenge ar fad ailínithe le gluaiseacht na gealaí.

5. An gcuireann Stonehenge aon séadchomhartha in Éirinn i gcuimhne duit? Scríobh roinnt nótaí faoin séadchomhartha sin sa bhosca seo:

# Angkor Wat

1 Cén teanga a labhraíonn muintir na Cambóide?



2 Cén dia ar tógadh Angkor Wat in omós dó ar dtús?

3 Tá 200 aghaidh ollmhóra snoite ar na túir ag Angkor Thom - cé atá á léiriú ann?



4 Cén cineál neacha ba ea Naga?

5 Cé mhéad bliain a thóg sé chun Angkor Wat a thógáil?

# Áras Ceoldrámaíochta Sydney

1. Bundúchasach de chuid na hAstráile ba ea an fear ar ainmníodh an ceann tíre ar ar tógadh Áras Ceoldrámaíochta Sydney. Cén t-ainm a bhí ar an bhfear sin?



___________________________________________

2. An oíche ar osclaíodh Áras Ceoldrámaíochta Sydney bhí ceol le cumadóir cáiliúil á sheinnt ag an gceolfhoireann. Cén cumadóir a bhí ann?

___________________________________________

3. Cén cineál oibre a dhéanadh athair Jørn Utzon?

___________________________________________



4. Cad a úsáidtear chun an córas teasa agus an córas aerchóirithe in Áras Ceoldrámaíochta Sydney a rith?

___________________________________________

5. Cad é an chéad íomhá a ritheann leat nuair a smaoiníonn tú ar an Astráil? Cóála, búmarang, clár surfála, nó rud éigin eile ar fad? Tarraing pictiúr de.



An Gúm

# An Léarscáil

1 Féach ar an léarscáil mhór ar bhileog 21. Breac isteach an litir chuí do gach ceann de na 15 iontas sna ciorcail ar an léarscáil.

**A** Angkor Wat
**B** Áras Ceoldrámaíochta Sydney
**C** Balla Mór na Síne
**D** Caisleán Neuschwanstein
**E** Chichén Itzá
**F** An Colasaem
**G** Críost an Slánaitheoir
**H** Machu Picchu
**I** Moai Rapa Nui
**J** An Partanón
**K** Petra
**L** Pirimid Chúfú
**M** An Sagrada Família
**N** Stonehenge
**O** An Taj Mahal

2 Líon isteach na bearnaí ar an léarscáil chun ainmneacha na n-ilchríocha a chríochnú.

3 Déan liosta de na hiontais ar fad atá san Eoraip.

____________________ ____________________

____________________ ____________________

____________________

# An Léarscáil

4 Cé mhéad de na hiontais atá san Áise? ________________

An féidir leat iad a ainmniú?

___________________________________________________

___________________________________________________

___________________________________________________

5 Ainmnigh an t-iontas is faide soir.

___________________________________________________

6 Ainmnigh an dá iontas is faide ó dheas.

___________________________________________________

___________________________________________________

7 An t-iontas is faide siar, cén t-aigéan ina bhfuil sé??

___________________________________________________

8 Ainmnigh dhá iontas a mbeadh ort bád nó eitleán a úsáid chun taisteal eatarthu.

___________________________________________________

___________________________________________________



An Gúm

# An Foclóirín

1. An bhfuil focal nó frása ar bith sa leabhar **nár thuig tú** ar dtús ach **a d'aimsigh tú san fhoclóirín** i gcúl an leabhair? Breac síos dhá cheann díobh mar aon leis an mbrí atá leo:

_______________________________________________

_______________________________________________

2. An bhfuil focal nó frása ar bith sa leabhar **nár thuig tú** agus **nár aimsigh tú san fhoclóirín** i gcúl an leabhair? Breac síos dhá cheann díobh, cuardaigh na focail/frásaí sin i bhfoclóir ansin agus breac síos an bhrí atá leo.

   Is féidir úsáid a bhaint as foclóir clóite nó foclóir ar líne. Iarr cabhair ar mhúinteoir, tuismitheoir, caomhnóir nó duine fásta eile más gá.

   Is foclóirí ar líne iad **www.focloir.ie** agus **www.teanglann.ie**. Is foclóir téarmaíochta ar líne é **www.tearma.ie**.

_______________________________________________

_______________________________________________

3. Ní i gcónaí a thiocfaidh tú ar gach focal sna foclóirí, go háirithe más téarma teicniúil nó speiceas d'ainmhí neamhchoitianta atá i gceist.

   Mar shampla, luaitear éan ar leith ar leathanach 26, éan a chloistear in Chichén Itza. An t-ainm atá air ná an **ceatsal lonrach**.

   Cuardaigh 'ceatsal lonrach' ar **www.focloir.ie**. An bhfuil sé le fáil ann?

_________________________

Anois cuardaigh 'ceatsal lionrach' ar **www.tearma.ie**.

Cad a d'aimsigh tú? _________________________

# Crosfhocal

**TRASNA**

**2.** An t-ainm a thug na Sean-Ghréigigh ar Chúfú (5 litir).

**9.** An cineál báid ar ar tháinig na seandálaithe agus í folaithe faoin ngaineamh ag bun Phririmid Chúfú (6,6 litir).

**11.** An duine a dhear an Sagrada Família (5 litir).

**13.** Na prócaí ina gcuirtí na baill bheatha nuair a bhíodh mumaí á dhéanamh de chorpán (6,9 litir).

**17.** Mama _________ - bandia na Gealaí, dar leis na hIncigh (5 litir).

**19.** Príomhchathair na nInceach (5 litir).

**21.** As an gcré seo a rinneadh na mílte dealbh a cuireadh i dtuama Qin Shi Huang (10 litir).

**22.** Chaith an diabhal Cloch na Sáile le duine díobh seo (6 litir).

**24.** Deirtí go raibh Balla Mór na Síne 10,000 díobh seo ar fad (2 litir).

**25.** Foirgneamh a bhfuil tuama taobh istigh de, an Taj Mahal mar shampla (9 litir).

**29.** Máthair Ludwig II na Baváire (5 litir).

**30.** Córas scríbhneoireachta mhuintir Rapa Nui (5, 5 litir).

**31.** An t-altán cúng a siúlann tú tríd chun teacht ar chathair Petra (3 litir).

**32.** An treibh fánaithe a thóg Petra (10).

**SÍOS**

**1.** Leabhar beannaithe na Muslamach (5 litir).

**2.** Cuid den díon a bhfuil cruth cruinn nó leathsféir air (12 litir).

**3.** Duine a dhearann foirgnimh (7 litir).

**4.** Lean prionsa Indiach ceann díobh seo a chonaic sé i mbrionglóid agus tháinig sé ar na Nagaí (7 litir).

**5.** Bean chéile Shah Jahan (8 litir).

**6.** D'fhás ceann díobh seo san áit ar bhuail Aitéiné an talamh lena sleá (5, 4 litir).

**7.** Bhí an Partanón maisithe le 92 díobh seo (6 litir).

**8.** Tá ballaí Angkor Wat maisithe leo (6 litir).

**10.** Ba den phobal Bundúchasach seo é Woollarawarre Bennelong (4 litir) .

**12.** Úsáidtear an púdar seo chun an deoch xocolatl a dhéanamh (4 litir).

**13.** Uirlis a úsáideann daoine chun an talamh a bhriseadh (7 litir).

**14.** Ní bhfuair Jørn Utzon ceann díobh seo nuair a osclaíodh Áras Ceoldrámaíochta Sydney (8 litir).

**15.** Rinceoir traidisiúnta de chuid na Cambóide (6 litir).

**16.** Deirtí nach bhféadfá _________ a thabhairt ort féin go dtí go mbeifeá tar éis Balla Mór na Síne a dhreapadh (9 litir).

**18.** Píosa talún a bheadh ag gobadh amach san fharraige ón míntír (Yucatan mar shampla) (9 litir).

**20.** An dath a thagann ar chuid de na clocha ag Stonehenge agus iad fliuch (4 litir).

**21.** Dhá chloch mhóra atá ina seasamh agus cloch eile ina luí trasna orthu (6 litir).


**23.** Seans maith go bhfeicfidh tú ceann de na hainmhithe seo má thugann tú cuairt ar Machu Picchu (4 litir).

**26.** An treo ina bhféachann aghaidh Chríost (4 litir).

**27.** Bean chéile Shéas (5 litir).

**28.** Tá go leor den mhianra nó den mhiotal seo sna carraigeacha ar Rapa Nui (6 litir).

# Crosfhocal


1 2 3 4 5
6 7 8
9 10
11
12
13 14 15 16
17 18
19
20
21 22
23 24 25 26 27
28
29
30
31
32


M
T
An
An
An
M
T
An
agus An